C/2025/6230

17.11.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12166 — MSC / NYK / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6230)

1. An 6 Samhain 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— AGL Kenya Limited ('AGL Kenya', an Chéinia), faoi rialú MSC Mediterranean Shipping Company Holding SA ('MSC Group', an Eilvéis),

— Yusen Logistics Global Management Co., Ltd. ('Yusen', an tSeapáin), faoi rialú Nippon Yusen Kabushiki Kaisha ('NYK Group', an tSeapáin),

— Comhfhiontar nuachruthaithe ('JV', an Chéinia).

Gheobhaidh AGL Kenya agus Yusen rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar an gcomhfhiontar.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Soláthraíonn AGL Kenya seirbhísí seolta lasta agus seirbhísí lóistíochta eile sa Chéinia. Tá MSC Group gníomhach ar fud an domhain in iompar muirí lasta i gcoimeádáin, láimhseáil calafort, seirbhísí lóistíochta, agus sna hearnálacha cúrsála agus farantóireachta,

— Soláthraíonn Yusen seirbhísí lóistíochta comhtháite atá curtha in oiriúint do thionscail éagsúla, lena n-áirítear seoladh lasta aigéin agus aeir, lóistíocht ar conradh, iompar teochtrialaithe, agus bainistiú an tslabhra soláthair. Tá sé gníomhach i 46 thír ar fud an domhain. Is soláthraí lóistíochta domhanda é NYK Group a dhéanann speisialtóireacht i seirbhísí iompair mhuirí idirnáisiúnta, turais chúrsála, críochfoirt agus seirbhísí eile a bhaineann le loingseoireacht, i measc nithe eile.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an gcomhfhiontar: seirbhísí seolta lasta aeir agus mara a sholáthar i dtíortha éagsúla ar fud mhór-roinn na hAfraice.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12166 — MSC / NYK / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË